Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8997/24**

**FIN 384**
**INST 149**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach maidir leis na dátaí don nós imeachta buiséadach agus módúlachtaí d’fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh in 2024 |

**IARSCRÍBHINN**

## DRÉACHTRÁITEAS COMHPHÁIRTEACH

### Dátaí don nós imeachta buiséadach agus módúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh in 2024

A. I gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha, le bainistíocht fhónta airgeadais agus le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar na príomhdhátaí seo a leanas don nós imeachta buiséadach 2025:

1. Féachfaidh an Coimisiún le Ráiteas ar Mheastacháin 2025 a chur i láthair faoi thús mhí an Mheithimh;

2. Gairfear cruinniú tríthaobhach an 25 Iúil (ar maidin), tar éis an seasamh ón gComhairle a ghlacadh;

3. Féachfaidh an Chomhairle lena seasamh a ghlacadh agus é a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa ag deireadh sheachtain 37 chun comhaontú tráthúil le Parlaimint na hEorpa a éascú;

4. Féachfaidh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Buiséid le vótáil ar leasuithe ar sheasamh na Comhairle faoi dheireadh sheachtain 41 (tús mhí Dheireadh Fómhair);

5. Gairfear cruinniú tríthaobhach an 17 Deireadh Fómhair (ar maidin), roimh léamh Pharlaimint na hEorpa;

6. Vótálfaidh seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa ar a léamh i seachtain 43 (Seisiún iomlánach an 21 - 24 Deireadh Fómhair);

7. Cuirfear tús leis an tréimhse idir-réitigh an 29 Deireadh Fómhair. I gcomhaontú le forálacha Airteagal 314(4)(c) CFAE, rachaidh an t-am atá ar fáil don idir-réiteach in éag an 18 Samhain 2024;

8. Tiocfaidh an Coiste Idir-réitigh le chéile an 5 Samhain (ar maidin), arna óstáil ag Parlaimint na hEorpa agus an 15 Samhain arna óstáil ag an gComhairle (agus féadfaidh sé tosú an athuair de réir mar is iomchuí); déanfar seisiúin an Choiste Idir-réitigh a ullmhú trí chruinniú tríthaobhach /cruinnithe tríthaobhacha. Beidh an cruinniú tríthaobhach ar siúl an 5 Samhain (ar maidin). Féadfar cruinniú tríthaobhach /cruinnithe tríthaobhacha breise a ghairm le linn na tréimhse idir-réitigh 21 lá, lena n-áirítear an 12 Samhain agus an Chomhairle mar óstach.

B. Leagtar amach na módúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh i gCuid E den iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú idirinstitiúideach thuasluaite.

---